Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**6511/25**

**MAMA 44**
**MED 12**
**ISR 2**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Caidreamh le hIosrael<br>– Seasamh an Aontais Eorpaigh maidir leis an 13ú cruinniú den Chomhairle Comhlachais<br>(An Bhruiséil, an 24 Feabhra 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo seasamh an Aontais Eorpaigh don 13ú Comhairle Comhlachais idir an tAontas agus Iosrael.

# AN 13ú CRUINNIÚ

# DEN CHOMHAIRLE COMHLACHAIS IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS IOSRAEL

**(An Bhruiséil, an 24 Feabhra 2025)**

## Ráiteas ón Aontas Eorpach

1. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach (an tAontas) an 13ú cruinniú den **Chomhairle Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus Iosrael**. Is mór ag an Aontas an dlúthchaidreamh atá aige le Stát Iosrael, agus is mór aige an t-idirphlé polaitiúil macánta oscailte atá aige le hIosrael d'fhonn comhthuiscint ar na dúshláin sa Mheánoirthear agus níos faide i gcéin a chur chun cinn. Tá an cruinniú thar a bheith tábhachtach seo ar siúl tar éis staid urghnách na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta ar Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, tar éis chruachás na ngiall, na coinbhleachta in Gaza, agus na n-athruithe réigiúnacha. Deis a bheidh ann plé a dhéanamh ar an staid sa Mheánoirthear, lena n-áirítear an choinbhleacht in Gaza agus na hiarmhairtí suntasacha daonnúla a bhaineann léi, chomh maith leis an gcomhar idir an tAontas agus Iosrael.

2. Tá dlúthchaidreamh idir an tAontas agus Iosrael i gcúrsaí polaitiúla, cultúrtha, idirphearsanta, turasóireachta, trádála agus infheistíochta, chomh maith le comhar suntasach i gcúrsaí eacnamaíocha, airgeadais, taighde agus nuálaíochta agus slándála, lena n-áirítear maidir le bainistiú géarchéime agus cosaint shibhialta. Tá an comhar sin ann **faoi chuimsiú Phlean Gníomhaíochta Bheartas Comharsanachta na hEorpa**[1], lena dtugtar an deis iomlán don Aontas agus d'Iosrael a gcomhar a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chaibidlíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh ar thosaíochtaí comhpháirtíochta. Beidh caidreamh an Aontais le hIosrael ina chuid thábhachtach freisin de Straitéis chuimsitheach nua an Aontais don Mheánoirthear agus den Chomhshocrú nua don Mheánmhuir.

3. Meabhraítear don Aontas, de bhun Airteagal 2 den Chomhaontú Comhlachais, go mbeidh an caidreamh idir na Páirtithe, chomh maith le forálacha uile an Chomhaontaithe féin, bunaithe ar **urraim do chearta an duine agus do phrionsabail dhaonlathacha**, lena dtreoraítear a mbeartas inmheánach agus idirnáisiúnta agus ar gné bhunriachtanach den Chomhaontú Comhlachais é.

[1] https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/system/files/2019-11/eu-israel_action_plan_2005.pdf

4. Athdhearbhaíonn an tAontas go gcáineann sé go láidir na h**ionsaithe sceimhlitheoireachta brúidiúla neamh-idirdhealaitheacha a rinne Hamas** agus grúpaí sceimhlitheoireachta eile i gcoinne Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, na hionsaithe a rinne Hezbollah ar Iosrael idir an 8 Deireadh Fómhair 2023 agus an 27 Samhain 2024, na h**ionsaithe** brúidiúla neamh-idirdhealaitheacha **a rinne an Iaráin ar Iosrael** an 13 Aibreán agus an 1 Deireadh Fómhair 2024, agus na h**ionsaithe** athfhillteacha **a rinne na Houthi ar Iosrael**. Cuireann an tAontas in iúl a dhlúthpháirtíocht agus a thacaíocht iomlán d'Iosrael agus dá mhuintir, seasann sé le teaghlaigh na n-íospartach agus leis na gialla a thóg Hamas, cuireann sé in iúl gur cúis mhór imní dó na dálaí inar coinníodh iad, agus athdhearbhaíonn sé a thiomantas iomlán do shlándáil Iosrael agus don chobhsaíocht réigiúnach. Agus a cheart chun é féin a chosaint á fheidhmiú aige, ní mór d'Iosrael a oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta, i ngach imthoisc. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé cosaint na sibhialtach uile a áirithiú, lena n-áirítear oibrithe daonnúla, i gcónaí, chomh maith le bonneagair shibhialtacha, lena n-áirítear saoráidí leighis, scoileanna agus áitribh na Náisiún Aontaithe.

5. Tar éis ionsaithe an 7 Deireadh Fómhair 2023, rinne an tAontas athbhreithniú ar a Liosta Sceimhlitheoireachta (CP-931) chun ceannaire polaitiúil agus beirt cheannairí míleata Hamas a ainmniú. An 19 Eanáir 2024, ghlac sí córas nua **smachtbhannaí i gcoinne Hamas** i gcás aon duine aonair nó eintiteas a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, a éascaíonn na gníomhaíochtaí sin nó a chumasaíonn iad, córas faoina bhfuil smachtbhannaí á bhforchur faoi láthair ar 12 dhuine aonair agus ar thrí eintiteas. An 12 Aibreán 2024, d'ainmnigh an tAontas trí eintiteas Hamas faoi Chóras Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine (EUGHRSR) as a ngníomhaíochtaí le linn na n-ionsaithe an 7 Deireadh Fómhair (foréigean forleathan gnéis agus inscnebhunaithe).

6. Fáiltíonn an tAontas go mór roimh **chomhaontú an tsosa comhraic in Gaza**, lena bhféadfar **na gialla a scaoileadh saor de réir a chéile** – rud a chuirfidh deireadh leis an uafás a d'fhulaing siad thar breis agus 15 mhí – chun deireadh a chur leis an gcogaíocht agus **an fhulaingt dhaonnúil** in Gaza **a mhaolú**. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear an comhaontú i bhfeidhm go hiomlán chun go bhféadfar na gialla go léir a scaoileadh saor, agus chun a chinntiú go gcuirfear deireadh buan leis an gcogaíocht. Gabhann an tAontas a bhuíochas leis na Stáit Aontaithe, leis an Éigipt agus le Catar as a n-iarrachtaí chun an sos comhraic a chaibidil, rud a d'iarr an tAontas arís agus arís eile. Is olc leis an Aontas líon doghlactha na sibhialtach, go háirithe mná agus leanaí, a fuair bás, agus an staid dhaonnúil thubaisteach a tharla go háirithe mar gheall ar an easpa cabhrach a tugadh isteach in Gaza, go háirithe sa Tuaisceart. Cé gur díol sásaimh don Aontas an méadú atá tagtha ar an gcabhair atá ag dul isteach in Gaza ó tháinig an sos comhraic i bhfeidhm, iarrann an tAontas an athuair go mbeadh rochtain iomlán gan bhac ar chabhair dhaonnúil ar Stráice Gaza agus gur féidir cabhair a dháileadh go héifeachtach orthu siúd atá i ngátar, lena n-áirítear ag gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus go háirithe UNRWA. Ba cheart a chinntiú go bhfillfidh muintir Gaza a easáitíodh ar a dtithe in Gaza ar bhealach sábháilte díniteach. Iarrann an tAontas ar Iosrael iarrachtaí a dhéanamh trasnuithe consalacha teorann a éascú ionas gur féidir le saoránaigh an Aontais Gaza a fhágáil. Meabhraítear don Aontas freisin gur gá na horduithe ón g**Cúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta**, atá ceangailteach ó thaobh dlí, a chur chun feidhme ina n-iomláine.

7. Rinneadh **Misean Cúnaimh Teorann sibhialtach an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah** (EUBAM Rafah) a ath-imscaradh chuig Pointe Trasnaithe Rafah (RCP) arna iarraidh sin do na Palaistínigh agus do na hIosraelaigh i gcomhaontú leis na hÉigiptigh, agus i gcomhréir le Comhaontú 2005 maidir le Gluaiseacht agus Rochtain (AMA). Rinne an misean foireann speisialaithe a imscaradh chun ligean do phearsanra na Palaistíne an RCP a athoscailt, rud a cheadaigh daoine aonair a aistriú amach as Gaza, lena n-áirítear cuid acu a dteastaíonn cóir leighis uathu. Is féidir le EUBAM Rafah ról cinntitheach a imirt maidir le tacú leis an sos comhraic.

8. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach a thiomantas buanseasmhach do **shíocháin chóir chuimsitheach mharthanach** i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA), ar bhonn an **réitigh dhá stát**, ina mbeidh Stát Iosrael agus Stát na Palaistíne agus é neamhspleách, daonlathach, comhtheagmhálach, ceannasach agus inmharthana, ag maireachtáil taobh le taobh, faoi shíocháin, faoi shlándáil agus faoi aitheantas frithpháirteach, agus Iarúsailéim mar phríomhchathair an dá stát amach anseo. Leanfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát d'urraim a thabhairt don chomhdhearcadh idirnáisiúnta maidir le hIarúsailéim atá sna rúin ábhartha ó CSNA, go dtí go réiteofar stádas críochnaitheach Iarúsailéim. Is cúis mhór imní don Aontas go bhfuil an chríoch Phalaistíneach ar cuireadh tús léi in 1967 faoi fhorghabháil go fóill, agus cuireann sé i dtreis go háirithe gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta go bhfuil láithreacht leanúnach Iosrael sa chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil neamhdhleathach. Meabhraítear don Aontas Rún 2735 (2024) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena ndiúltaítear d'aon iarracht ar athruithe déimeagrafacha nó críochacha i Stráice Gaza agus lena gcuirtear i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé Stráice Gaza a aontú leis an mBruach Thiar faoi Údarás na Palaistíne.

9. Leanfaidh an tAontas Eorpach ag tacú go gníomhach **lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta agus rachaidh sé i dteagmháil leo** ar bhealach gníomhach maidir le céimeanna nithiúla dochúlaithe i dtreo an réitigh dhá stát, lena ndéantar próiseas polaitiúil a athbheochan chuige sin, lena n-áirítear trí chomhdháil idirnáisiúnta síochána a thionól a luaithe is féidir. Leagann an tAontas béim ar a ríthábhachtaí atá sé don phróiseas polaitiúil sin go mbeadh **conair inchreidte ag an bPalaistín chun bheith ina stát**. Ba chéim thábhachtach é seoladh 'an Chomhghuaillíocht Dhomhanda chun an réiteach dhá stát a chur chun feidhme' an 26 Meán Fómhair 2024 chun tiomantas an Aontais don réiteach dhá stát a léiriú. I gcomhréir le Plean Gníomhaíochta AE-Iosrael, molann an tAontas d'Iosrael páirt ghníomhach a ghlacadh sna hiarrachtaí chun an próiseas polaitiúil a athbheochan i dtreo an réitigh dhá stát.

10. Rannchuideoidh an tAontas go gníomhach le hiarracht chomhordaithe idirnáisiúnta chun luath-théarnamh agus luath-atógáil a dhéanamh in Gaza. Leanfaidh an tAontas de **thacaíocht a thabhairt d'Údarás na Palaistíne** chun cabhrú leis aghaidh a thabhairt ar na riachtanais is práinní atá aige, acmhainneachtaí institiúideacha a fhorbairt, a chlár oibre don athchóiriú a chur chun feidhme agus cabhrú leis, lena n-áirítear trí EUPOL COPPS, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór deireadh a chur le gníomhaíochtaí lena lagaítear Údarás na Palaistíne. Iarrann an tAontas ar Iosrael tacú le hÚdarás na Palaistíne, a fhilleadh ar Gaza a éascú, ioncaim imréitigh a coinníodh siar a scaoileadh, machnamh a dhéanamh ar cheadanna oibre do Phalaistínigh a atosú, agus na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhfanfaidh seirbhísí baincéireachta comhfhreagraí idir bainc Iosrael agus na Palaistíne i bhfeidhm tar éis an tsínidh dheireanaigh.

11. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé **Prótacal Pháras** a chur chun feidhme go hiomlán agus a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear maidir le haistriú iomlán, tráthúil, intuartha agus trédhearcach ioncaim cánach agus custaim. Tá an tAontas faoi réir chun tacú le bearta ábhartha, lena n-áirítear freagrachtaí custaim a aistriú, ríomh-CBL agus bonneagar eile tiomsaithe ioncaim a chur chun feidhme ina n-iomláine.

12. Tá an tAontas go mór **i gcoinne gach gníomhaíochta a bhaineann an bonn d'inmharthanacht an réitigh dhá stát**. Leanfaidh an tAontas de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar gach a dtarlóidh ar an láthair mar aon leis na himpleachtaí ginearálta a bheidh aige agus féachfaidh sé an gá gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun inmharthanacht an réitigh dhá stát a chosaint, inmharthanacht a bhíonn faoi bhrú i gcónaí lena mbíonn ag titim amach ar an láthair, lena n-áirítear an méadú ar lonnaíochtaí.

13. **Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé go mór i gcoinne bheartas agus ghníomhaíochtaí lonnaíochta Iosrael**, lena n-áirítear in Iarúsailéim Thoir agus timpeall uirthi. Ní aithneoidh an tAontas athruithe ar línte 1967 ach na hathruithe sin a bheith comhaontaithe ag na páirtithe. Meabhraítear don Aontas go bhfuil an ionghabháil neamhdhleathach faoin dlí idirnáisiúnta. Iarrann an tAontas ar Iosrael stop a chur le leathnú leanúnach na lonnaíochta agus le gníomhaíochtaí gaolmhara, lena n-áirítear dearbhuithe talún stáit chomh maith le díshealbhuithe, scartáil, coigistiú agus aistriú éigeantach na bPalaistíneach, a bhfuil na leibhéil is airde riamh bainte amach acu le bliain anuas. Ina theannta sin, cáineann an tAontas go láidir scartáil na struchtúr arna maoiniú ag an Aontas nó ag a Bhallstáit agus tá sé ag súil go ndéanfaidh Iosrael an damáiste a shlánú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Ón 7 Deireadh Fómhair 2023 i leith, tá tionchar tromchúiseach ag srianta méadaithe, arna ndéanamh ag Iosrael, ar rochtain ar an mBruach Thiar ar dhálaí socheacnamaíocha do Phalaistínigh. Iarrann sí ar Iosrael a cheadú go gcuirfí feabhas nithiúil ar shaoirse gluaiseachta agus rochtain na bPalaistíneach, ionas gur féidir leo tógáil luathaithe a dhéanamh, chomh maith le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch i Limistéar C, agus an dul chun donais i ndálaí maireachtála na bPalaistíneach i Limistéar C a aisiompú.

14. Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta chun an dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán agus **reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme chomh maith leis an socrú teicniúil déthaobhach is infheidhme maidir le táirgí lonnaíochta** dá réir sin. Tá an tAontas agus a Bhallstáit ag brath ar chomhar idir an tAontas agus Iosrael chun an socrú teicniúil a chur chun feidhme go héifeachtach. Cuireann an tAontas in iúl a thiomanta atá sé a áirithiú – i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta – nach mór a léiriú go soiléir agus go sainráite sna comhaontuithe uile idir stát Iosrael agus an tAontas nach mbeidh aon fheidhm acu maidir leis an gcríoch a rinne Iosrael forghabháil uirthi in 1967. Ní hionann é sin agus baghcat a bhualadh ar stát Iosrael, rud a bhfuil an tAontas glan ina choinne.

15. Cáineann an tAontas go láidir an géarú breise ar an m**Bruach Thiar, Iarúsailéim Thoir san áireamh**, ag eascairt as an méadú ar fhoréigean arna dhéanamh ag lonnaitheoirí, leathnú na lonnaíochtaí neamhdhleathacha agus oibríochtaí míleata Iosrael agus an méadú ar ionsaithe sceimhlitheoireachta i gcoinne Iosrael. Meabhraítear don Aontas nach mór do gach beart frithsceimhlitheoireachta an dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil. Cáineann an tAontas go láidir **an foréigean leanúnach atá á dhéanamh ag lonnaitheoirí antoisceacha** sa Bhruach Thiar, Iarúsailéim Thoir san áireamh. Ní mór d'Iosrael níos mó a dhéanamh chun foréigean arna dhéanamh ag lonnaitheoirí a chosc agus caithfear déantóirí na coire a thabhairt chun cuntais. Go dtí seo, tá naonúr daoine aonair agus cúig eintiteas liostaithe ag an Aontas faoi chóras domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine. Tá an tAontas réidh chun leanúint den obair ar bhearta sriantacha breise a dhéanamh i gcoinne lonnaitheoirí antoisceacha agus i gcoinne na n-eintiteas agus na n-eagraíochtaí a thacaíonn leo.

16. Iarrann an tAontas ar Iosrael rochtain shábháilte ar na **láithreacha naofa** a áirithiú **agus go seasfaidh sé leis an *status quo*** a cuireadh i bhfeidhm in 1967 maidir le Cnoc an Teampaill/al-Haram al-Sharif i gcomhréir lenar comhaontaíodh roimhe seo agus i ndáil le ról speisialta na hIordáine. Ní mór do gach duine stádas agus carachtar speisialta Iarúsailéim agus a Seanchathair a chaomhnú agus a urramú, mar aon le dosháraitheacht a spásanna naofa agus inmharthanacht a pobal uile.

17. Leagann an tAontas béim ar ról ríthábhachtach na **Náisiún Aontaithe** agus a gcuid gníomhaireachtaí, go háirithe **UNRWA,** a thugann tacaíocht ríthábhachtach don phobal sibhialta, lena n-áirítear cabhair dhaonnúil agus seirbhísí bunúsacha, sa chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil agus sa réigiún máguaird araon. Athdhearbhaíonn an tAontas gur cúis mhór imní dó iarmhairtí forleathana reachtaíocht Iosrael ar UNRWA dá chuid oibríochtaí ar an mBruach Thiar, lena n-áirítear in Iarúsailéim Thoir, agus in Gaza. Is olc leis an Aontas gur tharraing Iosrael siar ó chomhaontú 1967 idir Iosrael agus UNRWA agus cáineann sé aon iarracht bac a chur ar a chumas a shainordú a fheidhmiú. Is den ríthábhacht é go mbeadh UNRWA in ann leanúint dá chuid oibre i gcomhréir leis an sainordú a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in 1949 agus a athnuadh ó shin. Tá an tAontas tiomanta leanúint de thacaíocht a thabhairt don Ghníomhaireacht, agus déanann sé dlúthfhaireachán agus dlúthmheastóireacht ar chur chun feidhme mholtaí thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách tríd an bPlean Gníomhaíochta i bhfianaise na líomhaintí a rinneadh in aghaidh roinnt ball foirne de chuid UNRWA, agus tá sé ag tnúth le tuilleadh gníomhaíochta cinntithí ó na Náisiúin Aontaithe chun an neodracht agus an chuntasacht a áirithiú agus chun an rialú agus an mhaoirseacht a neartú chun tuilleadh cásanna a chosc. Cáineann an tAontas Hamas as úsáid líomhainte a bhaint as saoráidí UNRWA.

18. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas buanseasmhach don **iltaobhachas éifeachtach agus don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe**, a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, ag seasamh go daingean le Cairt na Náisiún Aontaithe agus leis na rialacha agus na prionsabail a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le ceannasacht agus iomláine chríochach, neamhspleáchas polaitiúil agus féinchinntiúchán. Dearbhaíonn an tAontas a thacaíocht iomlán bhuanseasmhach d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus is oth leis an cinneadh lena dhearbhú mar *persona non grata*.

19. Iarrann an tAontas an athuair ar Iosrael comhoibriú go hiomlán leis na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear sásraí um chearta an duine, agus rochtain a éascú do shealbhóirí shainordú na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear i ndáil le víosaí a eisiúint don fhoireann idirnáisiúnta.

20. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé le **normalú an chaidrimh idir Iosrael agus roinnt de na stáit Arabacha** sa réigiún, rud atá chun tairbhe na dtíortha uile lena mbaineann agus ar céim bhunúsach é chun an réigiún ina iomláine a chobhsú. Tacaíonn an tAontas le comhar réigiúnach agus tríthaobhach agus tionscnaimh chomhpháirteacha lena n-osclófar peirspictíochtaí nua do ghnólachtaí, do dhaoine, don trádáil, don taisteal, don taighde, don chomhshaol agus do roinnt réimsí eile. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas do shíocháin chuimsitheach bhuan a chur ar bun i réigiún an Mheánoirthir ar fad agus tá sé faoi réir chun oibriú i gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun na críche sin. I ndáil leis an méid sin, féachfaidh an tAontas leis an gcaidreamh taidhleoireachta a bunaíodh idir Iosrael agus roinnt tíortha Arabacha a spreagadh agus a fhorbairt, d’fhonn feabhas a chur ar na hionchais go dtiocfar ar réiteach cuimsitheach i bPróiseas Síochána an Mheánoirthir.

21. Is díol sásaimh don Aontas an **sos comhraic a comhaontaíodh an 27 Samhain 2024 idir Iosrael agus an Liobáin**, a d’eascair as na hiarrachtaí idirghabhála a rinne an Fhrainc agus na Stáit Aontaithe go háirithe. Tathantaíonn sí ar na páirtithe na gealltanais a thug siad faoi chomhaontú an tsosa comhraic a chur chun feidhme ina n-iomláine, agus iarrann sí go gcuirfí Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun feidhme ina iomláine. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an tAontas ról bunúsach cobhsaíochta fhórsa eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL) i ndeisceart na Liobáine. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do cheannasacht, d’iomláine chríochach agus d’iarrachtaí cothaithe stáit Stát na Liobáine, lena n-áirítear trí rannchuidiú le Fórsaí Armtha na Liobáine a neartú, faoi chuimsiú na Saoráide Eorpaí Síochána freisin.

22. Athdhearbhaíonn an tAontas go gcáineann sé go láidir **aistriú ladrann agus diúracán balaistíoch na hIaráine chuig an Rúis**, ar bagairt dhíreach é ar shlándáil na hEorpa, chomh maith le gníomhaíochtaí fíor-dhíchobhsaitheacha na hIaráine ar fud an Mheánoirthir. Tá an tAontas lántiomanta i gcónaí an lasair a bhaint den bharrach sa Mheánoirthear agus tathantaíonn sé ar an Iaráin deireadh a chur le gach gníomhaíocht dhíchobhsaitheach ar fud an réigiúin, lena n-áirítear an tacaíocht a thugann sí do ghrúpaí sceimhlitheoireachta agus armtha, na Houthi, Hezbollah agus Hamas san áireamh.

23. Is **príomhthosaíocht slándála é don Aontas a áirithiú nach bhfaighidh an Iaráin arm núicléach**. Is cúis mhór imní é an dul chun cinn núicléach gan staonadh atá déanta ag an Iaráin le 5 bliana anuas gan aon bhonn cirt inchreidte sibhialtach a bheith aici. Iarrann an tAontas ar na tíortha uile tacú le cur chun feidhme Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lenar formhuiníodh PCCG, a thugann bonn d'obair faireacháin agus tuairiscithe IAEA. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomanta atá sé don taidhleoireacht chun aghaidh a thabhairt ar chlár núicléach na hIaráine.

24. Tar éis thitim réimeas coiriúil Assad sa tSiria, réimeas ar thacaigh an Rúis agus an Iaráin leis, leagann an tAontas béim ar a stairiúla atá an deis anois chun an tír a athaontú agus a atógáil agus ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh **próiseas polaitiúil cuimsitheach** ann **faoi úinéireacht na Siria agus faoi stiúir na Siria**, agus mianta dlisteanacha mhuintir na Siria á gcomhlíonadh aige, i gcomhréir le croíphrionsabail Rún 2254 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Ní mór neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na Siria laistigh de theorainneacha slána a urramú go hiomlán, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Iarrann an tAontas ar Iosrael seasamh le téarmaí Chomhaontú 1974 maidir le Díscoir na bhFórsaí. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé le Fórsa Breathnóireachta Díscoir na Náisiún Aontaithe lena ndéantar faireachán ar Arda Golan na Siria agus meabhraítear dó a thábhachtaí atá Rún 497 (1981) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Ní mór an crios maolánach dímhíleataithe a urramú. Meabhraítear don Aontas a sheasamh maidir leis an tSiria mar a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach é an 19 Nollaig 2024 agus leagann sé béim ar an ngá atá leis an gceartas agus an chuntasacht a athbhunú. Leagann an tAontas béim freisin ar a thábhachtaí atá comhrac na sceimhlitheoireachta, teacht chun cinn grúpaí sceimhlitheoireachta an athuair a chosc, agus na stoc-chairn arm ceimiceach atá fágtha sa tSiria a scriosadh agus dul chun cinn á dhéanamh ag an am céanna maidir le cuntasacht as úsáidí doiciméadaithe arm ceimiceach.

25. Athdhearbhaíonn an tAontas **go gcáineann sé go neamhbhalbh cogadh foghach neamhdhleathach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin**, ar sárú tromchúiseach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta, agus ar bagairt dhíreach é ar shlándáil agus ar chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain. Is díol sásaimh don Aontas vóta Iosrael i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir leis na rúin ábhartha, chomh maith le rannpháirtíocht Iosrael sa Chruinniú Mullaigh maidir leis an tSíocháin san Úcráin a tionóladh san Eilvéis an 15-16 Meitheamh 2024 agus a thacaíocht dá *Communiqué* Comhpháirteach. Ó mhí Feabhra 2022, tá freagra tugtha ag an Aontas ar chogadh foghach na Rúise ar bhealach aontaithe diongbháilte trí smachtbhannaí a ghlacadh, tríd an Rúis a thabhairt chun cuntais, agus trí thacaíocht a thabhairt don Úcráin i bhfoirm cabhair dhaonnúil, airgeadais, pholaitiúil, thaidhleoireachta agus mhíleata nach bhfacthas riamh roimhe seo. Leanfaidh an tAontas á dhéanamh sin chomh fada agus chomh dian agus is gá. Is díol sásaimh don Aontas an cúnamh a thug Iosrael don Úcráin agus dá saoránaigh, lena n-áirítear trealamh cosanta míleata agus cabhair dhaonnúil a sholáthar. Is mór ag an Aontas an gealltanas a thug Iosrael cosc a chur ar an Rúis dul timpeall ar smachtbhannaí trína chríoch agus leanfaidh sé de bheith ag obair i gcomhar le hIosrael ar an tsaincheist sin.

26. Iarrann an tAontas ar na Houthi deireadh a chur láithreach le gach ionsaí agus athbhunú na slándála muirí a cheadú. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas do shaoirse loingseoireachta agus slándáil mhuirí a áirithiú sa Mhuir Rua trí **Oibríocht EUNAVFOR ASPIDES.**

27. Athdhearbhaíonn an tAontas gurb é a leas straitéiseach go mbeadh **timpeallacht chobhsaí shlán sa Mheánmhuir Thoir.** Ní mór comhar réigiúnach sa Mheánmhuir Thoir a fhorbairt i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige. Tugann an tAontas dá aire, agus is díol sásaimh dó, an comhar tionscadalbhunaithe leanúnach idir Iosrael agus Ballstáit an Aontais, agus é d’aidhm aige an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht a chur chun cinn sa réigiún.

28. Tá an **daonlathas agus cearta an duine**, lena n-áirítear cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, agus an tábhacht a bhaineann le sochaí shibhialta bhríomhar, ina gcuid lárnach den chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Iosrael.

29. Tá Iosrael faoi cheangal ag an **dlí daonnúil idirnáisiúnta** (DDI) agus ag na noirm is infheidhme den **dlí idirnáisiúnta um chearta an duine**, lena n-áirítear, mar chumhacht forghabhála, an oibleagáid maidir leis an daonra atá faoi fhorghabháil a chosaint. Iarrann an tAontas ar Iosrael cloí go docht le rialacha agus prionsabail DDI agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine lena rialaítear úsáid fornirt agus dul i mbun cogaíochta, lena n-áirítear an daonnacht, an riachtanas, an t-idirdhealú agus an chomhréireacht. Iarrann an tAontas ar Iosrael a áirithiú go ndéanfar imscrúdú neamhchlaonta éifeachtach ar mhí-iompar líomhainte na n-údarás iomchuí i gcomhréir le DDI.

30. Athdhearbhaíonn an tAontas a thacaíocht bhuanseasmhach don **chóras idirnáisiúnta ceartais choiriúil**, go háirithe don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, chomh maith lena thiomantas seasamh le Reacht na Róimhe agus neamhspleáchas agus sláine na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta a chaomhnú, agus iarrann sé go n-urramófar feidhmiú neamhspleách na Cúirte.

31. Tá sé de rún daingean ag an Aontas **gach cineál den fhrithsheimíteachas a chomhrac, agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn** san Aontas agus ar fud an domhain. Cáineann an tAontas an frithsheimíteachas go neamhbhalbh; níl sé ag luí le luachanna agus spriocanna an Aontais. Is bagairt é do dhaoine Giúdacha agus do shaol na nGiúdach, agus do shochaithe oscailte éagsúla agus do dhlúth agus do croílár stíl mhaireachtála na hEorpa. Is olc leis an Aontas go bhfuil méadú as cuimse tagtha ar theagmhais fhrithsheimíteacha agus ar choireanna fuatha i gcoinne na nGiúdach agus na n-institiúidí Giúdacha, rud a fhágann go bhfuil leibhéal ard frithsheimíteachais ann ar fud an Aontais, tar éis ionsaithe a rinneadh an 7 Deireadh Fómhair 2023 agus na coinbhleachta a tharla ina dhiaidh sin in Gaza.

32. Threisigh an tAontas an Seimineár Ardleibhéil idir an tAontas agus Iosrael maidir leis an gciníochas, an frithsheimíteachas agus an tseineafóibe a chomhrac, a chomheagraítear go bliantúil. Le Cinneadh Réime 2008 an Aontais maidir leis an gciníochas agus an tseineafóibe a chomhrac, tugtar creat láidir dlíthiúil chun coireanna fuatha frithsheimíteacha agus fuathchaint fhrithsheimíteach a chomhrac, lena n-áirítear a bheith i bhfách leis an Uileloscadh, é a shéanadh nó beag a dhéanamh de go poiblí ar bhealach ar dócha go spreagfaidh sé foréigean nó fuath. Tá rún daingean ag an Aontas an frithsheimíteachas ar líne a chomhrac, go háirithe an fhuathchaint fhrithsheimíteach, miotais chomhcheilge, an tUileloscadh a shéanadh nó a chamadh, mar a léirítear a thuilleadh le formheas an Dearbhaithe ón gComhairle maidir le Saol na nGiúdach a chothú agus an frithsheimíteachas a chomhrac an 15 Deireadh Fómhair 2024. Léiriú eile í obair Chomhordaitheoir an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an bhFrithsheimíteachas a Chomhrac agus Saol na nGiúdach a Chothú gur tosaíocht ag an Aontas is ea comhrac an fhrithsheimíteachais. Ó 2017, tá an sainmhíniú oibre, nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí de, ar fhrithsheimíteachas den Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta um Chuimhne ar an Uileloscadh, a glacadh i mBúcairist (2016), á úsáid ag an gCoimisiún, mar uirlis treorach phraiticiúil agus mar bhonn dá chuid oibre chun an frithsheimíteachas a chomhrac agus molann sé go nglacfaí agus go n-úsáidfí é. Tá an tAontas tiomanta féachaint ar bhealaí comhair eile maidir le cuimhneachán ar an Uileloscadh, lena n-áirítear tríd an mBonneagar Eorpach um Thaighde ar an Uileloscadh. Chun an frithsheimíteachas agus claontachtaí a chomhrac, feasacht agus eolas faoi stair agus cultúr na nGiúdach a chur ar fáil, agus aitheantas iomlán a bhaint amach do shaol na nGiúdach mar chuid de shochaí na hEorpa, chomhoibrigh an Coimisiún go dlúth leis an Ionad Domhanda Cuimhneacháin ar an Uileloscadh, Yad Vashem, in Iosrael, i gcomhréir le Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú (2021 – 2030), agus thacaigh sé leis an Mórthaispeántas Closamhairc Tumthach a chruthú in *Valley of the Communities*.

33. Tá an Aontas diongbháilte i gcónaí **an neamh-idirdhealú a chur chun cinn agus an ceart chun saoirse reiligiúin nó creidimh a chosaint, a urramú agus a chomhlíonadh**. Déanann an tAontas **an ceart chun saoirse reiligiúin nó creidimh** a chur chun cinn agus a chosaint agus cáineann sé aon ghníomhaíocht idirdhealaithe, naimhdis, fuath, foréigin nó ghéarleanúna bunaithe ar fhorais reiligiúnacha nó chreidimh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí fuatha frithsheimíteachais, frith-Mhoslamach agus frith-Chríostaí. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé an ceart chun saoirse reiligiúin nó creidimh a chinntiú go héifeachtach do chách chun an tsíocháin, an chaoinfhulaingt, an meas agus an comhar a chur chun cinn i measc daoine de gach reiligiún nó creideamh.

34. Iarrann an tAontas ar Iosrael cloí lena oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine chun seasamh leis an t**saoirse comhlachais, an tsaoirse comhthionóil agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh**, lena n-áirítear trí spás sibhialta sábháilte, oscailte agus cumasúcháin a áirithiú, ar líne agus as líne araon, chomh maith le rochtain ar fhaisnéis, saoirse na meán agus sábháilteacht iriseoirí. Tá sochaí shibhialta atá saor, neamhspleách agus éagsúil fíor-riachtanach agus luachanna daonlathacha á gcur chun cinn, cuntasacht á saothrú agus sochaithe níos síochánta á dtógáil. Is cúis imní don Aontas an baol go gcuirfí srianta ar eagraíochtaí neamhrialtasacha a fhaigheann cistiú eachtrach, rud a chuirfeadh teorainn leis an tsochaí shibhialta agus lena rannpháirtíocht dhaonlathach agus lena gníomhaíocht dhaonlathach. Níor cheart mí-úsáid a bhaint as reachtaíocht frithsceimhlitheoireachta ná as reachtaíocht slándála náisiúnta riamh chun an bonn a bhaint de chearta agus saoirsí bunúsacha. Iarrann an tAontas ar Iosrael rochtain ar Gaza a thabhairt do na meáin neamhspleácha, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé le **cosantóirí chearta an duine, le hiriseoirí agus le hoibrithe eile sna meáin.**

35. Iarrann an tAontas ar Iosrael a **oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine** a chomhlíonadh go hiomlán, **lena n-áirítear i gcás gabhála, ceistithe agus coinneála.** Is cúis mhór imní don Aontas fós gur féidir le hIosrael gabhálacha neamh-idirdhealaitheacha a dhéanamh agus daoine a choimeád faoi choinneáil riaracháin gan chúiseamh foirmiúil, gníomhaíochtaí atá ag dul i méid ón 7 Deireadh Fómhair 2023. Faoin dlí idirnáisiúnta, tá sé de cheart ag daoine atá á gcoinneáil go gcuirfí ar an eolas iad faoi na cúisimh is bun lena gcoinneáil agus go ndéanfaí dlíthiúlacht a gcoinneála a chinneadh gan moill mhíchuí, chomh maith leis an gceart chun cúnamh dlíthiúil, próis chuí agus triail chóir a fháil. **Faoin dlí idirnáisiúnta, tá toirmeasc iomlán ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.** Meabhraíonn an tAontas go bhfuil dualgas cúraim níos mó ar na Stáit aon bhearta is gá a dhéanamh chun beatha daoine aonair a chaill a saoirse a chosaint. Iarrann an tAontas agus a Bhallstáit ar na páirtithe uile rochtain gan aon choinníoll a thabhairt do CICD ar áiteanna a gcoinnítear daoine, i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta.

36. Tá urramú, cosaint agus comhlíonadh **chearta an linbh** fós lárnach i mbeartas an Aontais maidir le cearta an duine, agus béim á leagan ar a thiomantas go ndéanfar cinnte de go mbeidh todhchaí saor ó fhoréigean agus ó dhíth ag leanaí. Is cúis mhór imní don Aontas i gcónaí an tionchar tromchúiseach atá ag an gcoinbhleacht agus ag an bhforéigean ar leanaí, leanaí a bhfuil baol tromchúiseach ann dá sábháilteacht agus dá mbeatha de dheasca na coinbhleachta, agus go háirithe leis an líon mór leanaí Palaistíneacha atá marbh, gortaithe agus easáitithe, agus dochar nó scrios déanta do go leor scoileanna agus saoráidí leighis. Iarrann an Aontas ar Iosrael cearta daonna mionaoiseach Palaistíneach uile, go háirithe iad sin atá á ngabháil agus á gcoinneáil, a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, i gcomhréir lena oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, agus caighdeáin maidir le leanaí a choinneáil, lena n-áirítear i gcásanna cionta slándála, agus deireadh a chur le cleachtas na coinneála riaracháin. Iarrann an tAontas go gcosnófaí leanaí, lena n-áirítear trína gceart chun oideachais agus cúraim leighis a áirithiú i dtimpeallacht atá slán agus sábháilte.

37. Molann an tAontas d'Iosrael cearta gach duine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd ar de **mhionlaigh** iad, go háirithe an mionlach Arabach, chun feabhas a chur ar a lánpháirtiú i sochaí Iosrael, chun a gcearta a chosaint agus chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta a laghdú. Molann an tAontas d'Iosrael freisin feabhas a chur ar rannpháirtíocht na ngrúpaí mionlaigh uile i bpróisis bheartais agus rialachais ar gach leibhéal agus aon idirdhealú sa dlí agus sa chleachtas a sheachaint. Iarrann an tAontas go dtiocfaí ar réiteach cuimsitheach agus cothrom i ndáil le sráidbhailte Beidiúnacha nach n-aithnítear.

38. Cuireann an tAontas **comhionannas inscne** agus teachtadh iomlán agus cothrom chearta uile an duine ag gach bean agus cailín chun cinn mar aon lena gcumhachtú mar thosaíocht i ngach réimse gníomhaíochta, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta. Tá sé ríthábhachtach deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe agus eisiaimh, agus le gach cineál foréigin gnéis agus inscnebhunaithe, agus tá rannpháirtíocht iomlán, chomhionainn agus fhóinteach agus ceannaireacht na mban agus na gcailíní bunriachtanach le haghaidh na síochána agus na slándála, forbairt inbhuanaithe agus fás eacnamaíoch. Molann an tAontas Iosrael as an dlí maidir le bráisléid rianaithe leictreonacha do mhí-úsáideoirí baile a ghlacadh, agus tá súil aige go ndéanfar tuilleadh athbhreithnithe air.

39. Athdhearbhaíonn an tAontas a ghealltanas teachtadh iomlán agus cothrom chearta an duine ag daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (**LGBTI**) a urramú, a chosaint, agus a chomhlíonadh. Is comhpháirtí tábhachtach ag an Aontas é Iosrael maidir le haghaidh a thabhairt ar na neamhionannais, ar an idirdhealú agus ar an bhforéigean a dhéanann difear do dhaoine LGBTI, lena n-áirítear i bhfóraim idirnáisiúnta. Molann an tAontas Iosrael as feabhas a chur ar chosaint agus ar chur chun cinn chearta an duine do dhaoine LGBTI, lena n-áirítear trí bhíthin reachtaíochta. Ba mhaith leis an Aontas nuashonruithe a chloisteáil maidir le stádas chur chun feidhme mholtaí an Athbhreithnithe Tréimhsiúil Uilechoitinn a mhéid a bhaineann le daoine LGBTI.

40. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta **cearta an duine sa timpeallacht dhigiteach** a chur chun cinn agus a chosaint. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas gur sínitheoir é Iosrael le creatchoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an intleacht shaorga, cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta (Coinbhinsiún Vilnias). I gcomhréir leis na gealltanais a tugadh faoin gComhshocrú Digiteach Domhanda, a glacadh le déanaí, molann an tAontas d'Iosrael a áirithiú go mbeidh dlíthe agus rialacháin maidir le húsáid na teicneolaíochta i réimsí mar shampla faireachas i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Molann an tAontas go ngníomhódh Iosrael go héifeachtach chun feachtais bhréagaisnéise agus fuathchaint a ghleic agus chun sláine faisnéise ar líne a chur chun cinn. Meabhraítear don Aontas go bhfuil rochtain ar idirlíon oscailte, sábháilte agus slán ríthábhachtach i ndaonlathas, lena n-áirítear chun rochtain a fháil ar chúram sláinte agus ar oideachas agus chun seachadadh na cabhrach daonnúla a éascú.

41. Is tosaíocht chomhroinnte agus leas bunúsach don Aontas agus dá chomhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt araon í Comharsanacht an Deiscirt a bheidh daonlathach, níos cobhsaí, níos glaise agus níos rathúla. Measann an tAontas gur príomh-**chomhpháirtí comhair é Iosrael sna cúig réimse tosaíochta beartais a aithnítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí maidir le Comhpháirtíocht Athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt – Clár Oibre Nua don Mheánmhuir**[2], go háirithe forbairt dhaonna, dea-rialachas agus an smacht reachta; an athléimneacht, an rathúnas agus an t-aistriú digiteach; an tsíocháin agus an tslándáil; an imirce agus an tsoghluaisteacht; an t-aistriú glas: an aeráid-díonacht, an fuinneamh, agus an comhshaol. Sa Teachtaireacht Chomhpháirteach, moltar don Aontas dlús a chur leis an gcomhar atá á dhéanamh aige cheana le hIosrael i réimsí na digiteála, an taighde agus na nuálaíochta, agus deiseanna a shainaithint chun an comhar a threisiú i réimsí leasa choitinn gaolmhara. Leagann an tAontas béim ar an bpríomhról atá ag Iosrael, agus ag comhaltaí eile ó Chomharsanacht an Deiscirt, i rialachas, éifeachtúlacht agus neartú an Aontais don Réigiún Meánmhuirí.

---

[2] https://www.eeas.europa.eu/sites/default/files/joint_communication_renewed_partnership_southern_neighbourhood.pdf

42. Faoin **Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta**, leanann Iosrael de leithdháiltí a fháil lena dtacaítear le comhar institiúideach (tionscadail a bhaineann le nascadh, leis an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise, agus le cineálacha eile tacaíochta teicniúla). Baineann Iosrael tairbhe freisin as tionscadail a bhfuil sé d'aidhm acu comhar réigiúnach a chur chun cinn chun cobhsaíocht réigiúnach a neartú agus Próiseas Síochána an Mheánoirthir a chur chun cinn.

43. Is é an tAontas Eorpach an comhpháirtí trádála is mó atá ag Iosrael agus an dara comhpháirtí infheistíochta is mó atá aige. Tá Iosrael ar cheann de na comhpháirtithe trádála is mó atá ag an Aontas i limistéar na Meánmhara leis an struchtúr **trádála** is éagsúlaithe. In ainneoin roinnt bacainní atá fós ann maidir le rochtain ar an margadh, is maith iad na coinníollacha foriomlána le haghaidh trádáil agus infheistíocht dhéthaobhach. Is díol sásaimh don Aontas an t-athchóiriú rialála allmhairiúcháin a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025, lena simpleofar nósanna imeachta allmhairiúcháin le haghaidh earraí tomhaltais éagsúla, lenar cuireadh deireadh leis an iliomad caighdeán náisiúnta allmhairiúcháin agus lena mbraitear ina ionad sin ar chomhlíonadh chaighdeáin an Aontais agus caighdeán idirnáisiúnta eile. Is díol sásaimh don Aontas gur thacaigh Iosrael leis an athbhreithniú ar an gCoinbhinsiún Uile-Eora-Mheánmhara; ina dhiaidh sin, ghlac na páirtithe conarthacha an Coinbhinsiún d'aon toil an 7 Nollaig 2023. Tá an tAontas ag dréim le comhar Iosrael chun go n-éireofar le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin athbhreithnithe an 1 Eanáir 2025.

44. Is mór ag an Aontas an dlúthchomhar idir Iosrael agus an tAontas nuair a thagann bacainní trádála chun cinn agus is mór aige go háirithe an treoirthionscadal a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar chleachtas údaraithe allmhairiúcháin seanbhunaithe údaráis Iosrael maidir le feistí leighis a dhéanann idirdhealú i measc Bhallstáit an Aontais. Mar sin féin, tá an tAontas ag súil i gcónaí go mbeidh leasú reachtach ann chun an córas píolótach a dhéanamh buan. Ina theannta sin, is cúis imní don Aontas i gcónaí roinnt saincheisteanna maidir le **rochtain ar an margadh**, ní hamháin an easpa trédhearcachta le déanaí ó údaráis inniúla Iosrael nuair a diúltaíodh d'fheistí leighis a bhí ceaptha d'ospidéil sa Bhruach Thiar, ach chomh maith leis sin saincheisteanna seanbhunaithe mar shampla an próiseas deimhniúcháin anásta i gcás onnmhairí feola *kosher* ón Aontas agus an toirmeasc ar onnmhairí feola neamh-*kosher* ón Aontas.

45. Is mian leis an Aontas leanúint de bheith ag obair ar shaincheisteanna a bhaineann le trádáil atá á bplé le hIosrael agus is mian leis **cleachtais a chomhroinnt** i réimsí éagsúla, lena n-áirítear caighdeáin maidir le hearraí talmhaíochta agus tionsclaíocha chomh maith le tásca geografacha a chosaint. Is spéis leis leanúint den chomhar maidir le slándáil bia, sábháilteacht bia, beartas talmhaíochta, forbairt tuaithe, agus feirmeoireacht orgánach.

46. Tá an tAontas ag súil go rannchuideoidh Iosrael le tús mear a chur an athuair leis an obair chun cur chun feidhme an phacáiste beart chun trádáil táirgí Palaistíneacha le comhpháirtithe Eora-Mheánmhara eile a éascú, nuair is féidir sin. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt maidir leis na hiarrachtaí sin.

47. Meabhraítear don Aontas **na hidirphléití maidir le frithsceimhlitheoireacht** a tionscnaíodh le hIosrael in 2015. I mí Bealtaine 2023 a tharla an t-idirphlé deireanach.

48. Ag tógáil ar idirghníomhaíocht roimhe seo, leanfaidh an tAontas agus Iosrael dá n-idirphlé chun **cibearspás oscailte, saor, cobhsaí agus slán** a chur chun cinn, go háirithe trí chur i bhfeidhm an dlí idirnáisiúnta sa chibearspás a chur chun cinn agus trí noirm dheonacha maidir le hiompar freagrach stáit sa chibearspás a chur chun feidhme sna Náisiúin Aontaithe agus i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha eile, agus trí dhul chun cinn a dhéanamh maidir le Clár Gníomhaíochta de chuid na Náisiún Aontaithe a bhunú sa chomhthéacs seo. Ar a bharr sin, féachfaidh an tAontas agus Iosrael ar bhealaí le heolas agus dea-chleachtais a mhalartú a thuilleadh agus le bheith ag comhoibriú chun cibear-athléimneacht a fheabhsú agus an chibearchoireacht, go háirithe bogearraí éirice, a ghleic.

49. Is mór ag an Aontas an comhar torthúil leis an n**Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí** faoi chuimsiú an chláir ábhartha arna mhaoiniú ag an Aontas (SAFEMED) maidir le sábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht mhuirí. Sa chomhthéacs sin, is mór ag an Aontas spéis agus rannpháirtíocht ghníomhach Iosrael sna seirbhísí foghlama a chuireann acadamh na Gníomhaireachta sin ar fáil agus úsáid uirlisí agus seirbhísí mar shampla Thetis-Med (córas faisnéise um rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt) agus CleanSeaNet (faireachas ar thruailliú muirí trí sheirbhís satailíte). Cé go bhfuil féidearthacht ann le haghaidh tuilleadh comhair theicniúil, go háirithe maidir le daingniú agus trasuí Iarscríbhinn VI a ghabhann le Coinbhinsiún MARPOL ag Iosrael agus le comhroinnt sonraí réigiúnach AIS (an Córas Aitheantais Uathoibríoch), tá Iosrael fós ar cheann de na páirtithe is tairbhithe is gníomhaí de thionscadal SAFEMED. Tugann an tAontas dá aire go bhféadfaí tuilleadh idirphlé a bheith ann, mar shampla maidir le hiompar d'iarnród, slándáil iompair, iompar ilmhódach a chur chun cinn, soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe agus córais iompair chliste. Ba cheart leanúint den Chomhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara cuimsitheach idir an tAontas agus Iosrael a chur chun feidhme.

50. Iarrann an tAontas go mbeadh na comhpháirtithe uile rannpháirteach go gníomhach chun a áirithiú go ndéanfaí **na gealltanais idirnáisiúnta maidir leis an aeráid, leis an mbithéagsúlacht agus leis an gcomhshaol** a chur chun feidhme go héifeachtach, mar bhonn chun Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Molann an tAontas do na Páirtithe uile teacht chun cinn ina gcéad rannchuidiú eile arna chinneadh go náisiúnta (NDC) a thíolacfar roimh COP30 in Belem, ina mbeidh spriocanna uaillmhianacha maidir le hastaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair, lena gcumhdófar gach gás ceaptha teasa, gach earnáil agus gach catagóir, agus a bheidh ailínithe leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C; a NDC a ailíniú le straitéisí forbartha fadtéarmacha maidir le híseal-astaíochtaí gás ceaptha teasa; tógáil ar thorthaí an athbhreithnithe dhomhanda maidir leis an aistriú fuinnimh, chomh maith le treoirlínte idirnáisiúnta a leanúint trí fhaisnéis shoiléir thrédhearcach a chur ar fáil maidir le NDC. Iarrann an tAontas freisin ar Iosrael páirt a ghlacadh sna hiarrachtaí comhchoiteanna chun leas a bhaint as maoiniú don aeráid i dtíortha atá i mbéal forbartha i gcomhthéacs Sprioc Nua Chainníochtaithe Chomhchoiteann mar a comhaontaíodh ag COP29.

51. Tá an tAontas tiomanta an comhar **fuinnimh** le hIosrael a neartú chun slándáil, inbhuanaitheacht agus athléimneacht fuinnimh a chothú agus an tsíocháin agus an chobhsaíocht á gcur chun cinn sa réigiún ag an am céanna. Tá ár gcomhar, arna threisiú leis an Meabhrán Tuisceana maidir le comhar a bhaineann le Trádáil, Iompar agus Onnmhairiú Gáis Nádúrtha chuig an Aontas Eorpach, a shínigh an tAontas, Iosrael agus an Éigipt an 15 Meitheamh 2022, dírithe ar an aistriú fuinnimh a chur chun cinn, ar fhoinsí fuinnimh a éagsúlú, ar rochtain ar fhuinneamh sa réigiún, agus ar an tslándáil fuinnimh réigiúnach a neartú, áit a bhfuil onnmhairí gáis ó Iosrael ar cheann de na príomh-rannchuiditheoirí faoi láthair, mar atá an comhar fuinnimh réigiúnach, lena n-áirítear i gcomhthéacs Fhóram Gáis na Meánmhara Thoir. Amach anseo, beidh ár gcomhar dírithe ar dhlús a chur le hinfheistíochtaí fuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh agus hidrigine d'fhonn leas a bhaint as acmhainneacht shuntasach in-athnuaite agus dícharbónaithe an réigiúin. Is díol sásaimh don Aontas rannpháirtíocht Iosrael sa chlár Fís Eorpach agus tá sé ag tnúth le comhar méadaithe maidir le taighde agus nuálaíocht in earnáil an fhuinnimh.

52. Cuireann an tAontas in iúl go bhfuil sé réidh chun féachaint ar chomhar le hIosrael maidir leis an gConair Eacnamaíoch idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip faoi chuimsiú **Global Gateway**, d'fhonn tacú leis an lánpháirtiú réigiúnach, leis an normalú ar an gcaidreamh idir Iosrael agus roinnt Stát Arabach, leis an gcobhsaíocht agus leis an tsíocháin.

53. I réimse **na heolaíochta agus na teicneolaíochta**, is díol mór sásaimh don Aontas rannpháirtíocht mhéadaithe eintitis taighde Iosrael sa chlár Fís Eorpach don tréimhse 2021-2027, tar éis comhlachas iomlán Iosrael leis an gclár. Tá an tAontas ag tnúth le leanúint dá chomhar le hIosrael chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a éascú, chun dlús a chur leis an aistriú domhanda chuig córas bia atá slán agus cóir, agus chun córais nuálaíochta an Aontais agus Iosrael a thabhairt níos gaire dá chéile. Ó 1996 i leith, d'éirigh go maith le comhlachas Iosrael le creatchláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais. Cuireann an comhar sin le caidreamh déthaobhach eacnamaíoch agus trádála níos láidre agus éascaíonn sé rannpháirtíocht sa réigiún. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Aontas rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach Iosrael i dtionscnaimh taidhleoireachta eolaíochta réigiúnacha, mar shampla SESAME, PRIMA agus EMUNI.

54. I réimse **an gheilleagair dhigitigh agus na sochaí digití**, is díol sásaimh don Aontas tiomantas Iosrael i ngníomhaíochtaí Ghrúpa na Rialálaithe Eora-Mheánmhara (EMERG), tionscnamh de chuid an Aontais arb é is aidhm dó comhchuibhiú rialála an Aontais agus na Meánmhara a mhéadú agus comhar a chur chun cinn i measc údaráis rialála teileachumarsáide, agus tá sé réidh le dul i mbun oibre chun comhpháirtíocht uaillmhianach maidir le saincheisteanna digiteacha a bhaint amach. Is díol sásaimh don Aontas freisin gur comhalta iomlán é Iosrael de chomhlachtaí gaolmhara ECFE, go háirithe an mheitheal um bonneagar cumarsáide agus um beartas seirbhísí.

55. Meabhraítear don Aontas gur athbhreithníodh Rún 12 ag Comhdháil Radachumarsáide an Aontais Idirnáisiúnta **Teileachumarsáide** (ITU), a tionóladh in Sharm Al Sheikh i mí na Samhna 2019. Sa rún sin iarradh próiseas chun teicneolaíocht 3G a imscaradh agus chun creat ama leordhóthanach a bhunú chun minicíochtaí 4G agus 5G a leithdháileadh ar oibreoirí Palaistíneacha. Iarrann an tAontas ar Iosrael agus ar údaráis na Palaistíne teacht ar chomhaontú tráthúil maidir le minicíochtaí 4G agus 5G is gá d’oibreoirí Palaistíneacha, sula gcuirfear imscaradh 5G Iosraelach i gcrích, agus comhoibriú le gníomhaithe idirnáisiúnta atá ag obair ar an ábhar sin ar nós Oifig an Cheathairéid.

56. I réimse **an oideachais**, is díol sásaimh don Aontas rannpháirtíocht Iosrael sa ghné idirnáisiúnta de chlár Erasmus+ 2021-2027 atá ag leanúint de bheith ag rannchuidiú le comhthuiscint a chur chun cinn trí theagmhálacha idirphearsanta a fhorbairt trí chomhar idir institiúidí ardoideachais agus malartuithe mac agus iníonacha léinn agus foirne, agus trí mhalartuithe óige. Is díol sásaimh don Aontas freisin na buntáistí a thug an clár d’ardoideachas Iosrael, lena n-áirítear a idirnáisiúnú méadaithe, agus tá sé ag tnúth le comhoibriú le hIosrael tríd an gclár nua Erasmus+.

57. Tá an tAontas ag tnúth le cruinniú tairbheach agus cuiditheach ag an gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Iosrael.